Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**12698/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0180(NLE)**

**RECH 380**
**COASI 126**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 312 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir<br>an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 312 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 312 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2024
COM(2024) 312 final

2024/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Nua-Shéalainne, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais

Maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Nua-Shéalainne, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais[1] (‘an Comhaontú’), is é is aidhm dó creat dlíthiúil marthanach a bhunú le haghaidh comhar idir an tAontas agus an Nua-Shéalainn, lena soláthraítear na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir nó i ngníomhaíochtaí an Aontais, mar aon le sásra lena n-éascaítear bunú na rannpháirtíochta sin i gcláir nó i ngníomhaíochtaí aonair de chuid an Aontais, amhail Clár Réime Fís Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).

Síníodh an Comhaontú an 9 Iúil 2023 agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach[2] ó shin i leith.

### 2.2. An Comhchoiste

Is é an Comhchoiste arna bhunú le hAirteagal 14(1) den Chomhaontú atá freagrach as cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú chomh maith le réimsí comhair a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo a phlé agus a leagan amach. Tá an Comhchoiste comhdhéanta d’ionadaithe de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú. Is é príomhchúram an Chomhchoiste rannpháirtíocht eintitis na Nua-Shéalainne i gcláir ábhartha an Aontais a choinneáil ar bun agus a fhorbairt. Fónann sé freisin mar fhóram, arb é is fearr chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne mar thír chomhlachaithe i gcláir nó i ngníomhaíochtaí ábhartha an Aontais. Liostaítear cúraimí an Chomhchoiste go huileghabhálach in Airteagal 14(1), pointí (a)-(g) den Chomhaontú agus áirítear orthu sin tá an méid seo a leanas:

– measúnú, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus na bPrótacal a ghabhann leis go díreach nó trí obair aon mheithle *ad hoc* nó aon chomhlachta chomhairligh a thuairiscíonn dó;

– cinntí a ghlacadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú, lena nglactar Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais seachas an prótacal maidir le Fís Eorpach a áirítear cheana;

[1] IO L 182, 19.7.2023, lch. 4.

[2] Cinneadh (AE) 2023/1475 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais (IO L 182, 19.7.2023, lch. 1).

I gcomhréir le hAirteagal 14(3) den Chomhaontú, ní mór don Chomhchoiste a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

Rialaíonn na Rialacha Nós Imeachta *modus operandi* an Chomhchoiste, go háirithe eagrú cruinnithe (comhfhreagras, leagan amach an chláir oibre, etc.), dáileadh doiciméad, lena n-áirítear trédhearcacht agus rochtain ar dhoiciméid, taifead ar thoradh chruinnithe an Chomhchoiste, chomh maith le míreanna eile a bhaineann le cur chun feidhme.

Tá cinntí an Chomhchoiste le glacadh de chomhthoil agus tá siad ceangailteach ar na Páirtithe sa Chomhaontú. Féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn trí mhalartú nótaí idir na comhchathaoirligh má chomhaontaíonn na Páirtithe sa Chomhaontú amhlaidh.

Tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad, agus, i gcás ina n-éileofar sin le himthosca speisialta, ar iarraidh ó cheachtar de na Páirtithe. Féadfar cruinnithe comhpháirteacha den Chomhchoiste a eagrú freisin trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil.

### 2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste

Le linn an chéad chruinnithe den Chomhchoiste atá beartaithe a thionól in 2024, ba cheart don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh maidir lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 14(3) den Chomhaontú. Is é is cuspóir do na Rialacha Nós Imeachta eagrú agus feidhmiú an Chomhchoiste a éascú d'fhonn cur chun feidhme iomchuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Is éard ba cheart a bheith sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú leis an dréachtchinneadh ón gComhchoiste lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 14(1) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais, mar atá i gceangal leis an dréachtchinneadh ón gComhchoiste.

Chun feidhmiú cuí an Chomhchoiste a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go n-oibreoidh sé i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta a comhaontaíodh.

Cé nach leagtar síos aon dáta sonrach sa Chomhaontú maidir le glacadh na Rialacha Nós Imeachta, tá sé inmholta iad a ghlacadh ag an gcéad chruinniú den Chomhchoiste idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn faoi théarmaí an chláir Fís Eorpach atá beartaithe sa dara leath de 2024.

De bhun an Chomhaontaithe, is leis an gclár Fís Eorpach amháin a bhaineann an Comhchoiste faoi láthair. I gcás ina mbeidh an Nua-Shéalainn comhlachaithe le cláir eile de chuid an Aontais amach anseo trí bhíthin Prótacail nua arna nglacadh ag an gComhchoiste i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (f) den Chomhaontú, ba cheart an Comhchoiste a thionól i ndáil leis na comhlachais clár sin freisin.

Bheadh feidhm ag na Rialacha Nós Imeachta reatha maidir le haon chomhlachas den sórt sin a bheidh ann amach anseo.

Le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste, d'áiritheofaí feidhmiú an Chomhchoiste faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha agus faoi na cinn a bheidh ann amach anseo.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[3].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú, tá éifeachtaí dlíthiúla leis an ngníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh ós rud é go mbeidh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14(1), (2), (3) agus (5) den Chomhaontú.

Níor ceapadh an gníomh atá beartaithe chun creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.[4]

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Saothraítear cuspóirí leis an ngníomh atá beartaithe agus tá comhpháirteanna ann atá i réimse ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais (Airteagal 212 CFAE — comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha) lena gcumhdaítear comhar a d'fhéadfadh a bheith ann leis an Nua-Shéalainn ar fud chláir an Aontais faoi chreat marthanach an chomhaontaithe agus i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le beartas taighde.

---

[3] Breithiúnas an 7 Deireadh Fómhair 2014, *An Ghearmáin* v *An Chomhairle*, C-399/12, EU:C:2014:2258, mír 63.

[4] Breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-244/17, EU:C:2018:662, mír 38.

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 212 CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Is iomchuí an cinneadh ón gComhchoiste a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2024/0180 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i gcláir an Aontais[5] ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas agus Rialtas na Nua-Shéalainne é, agus cuireadh i bhfeidhm go sealadach é ó bhí an 9 Iúil 2023 ann i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/1475 ón gComhairle[6].

(2) Le hAirteagal 14(1) den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na bPáirtithe ('an Comhchoiste') chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Le hAirteagal 14(3) den Chomhaontú, déantar foráil go bhfuil an Comhchoiste lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

(4) Tá coinne leis go nglacfaidh an Comhchoiste cinneadh lena nglacfar a Rialacha Nós Imeachta.

(5) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos ar bhonn an dréacht-Chinnidh ón gComhchoiste maidir lena Rialacha Nós Imeachta atá i gceangal chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste arna bhunú le hAirteagal 14(1) den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht na Nua-Shéalainne i

---

5 IO L 182, 19.7.2023, lch. 4.
6 IO L 182, 19.7.2023, lch. 1.

gcláir an Aontais ('an Comhaontú'), beidh sé bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

(2) Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste teacht ar chomhaontú maidir le mioncheartuithe teicniúla ar na Rialacha Nós Imeachta atá i gceangal leis an gCinneadh seo gan cinneadh eile ón gComhairle i gcás ina bhfuil na hathruithe sin fíor-riachtanach chun gur féidir leis an gComhchoiste a Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*